# PRESS RELEASE

from **SINN FÉIN**

Márta 20, 1972

**CÚLÚ ÓN nGAEILGE**

Ní chuireann ráiteas Aire Oideachais na 26 Chontae, Pádraig Ó Fachtna, faoin nGaeilge sna scoileanna aon iontas ar Shinn Féin. Soiléiríonn sé seasamh Fhianna Fáil ar cheist na teanga náisiúnta. Diaidh ar ndiaidh thréig lucht polaitíochta Theach Laighean na mór-aidhmeanna náisiúnta a bhí mar chuspóirí ag an gCéad Dáil i 1919.

Níl aon difríocht idir Fhianna Fáil, Fine Gael agus an Lucht Oibre faoin gceist seo. Ar bhealach, bhí Fine Gael níos macánta faoina seasamh, sa mhéid is gur ghlac siad seasamh i gcoinne na Gaeilge i bhfad ó shin. Ón uair go dtáinig siad amach go hoscailte i gcoinne na teanga, chuir cuid mhór de lucht na Gaeilge a ndóchas i bhFianna Fáil. Agus tá a lán díobh i bpóca Fhianna Fáil ó shin.

Is sampla paiteanta de Thadhg an Dá Thaobh iad Fianna Fáil. Maíonn siad dílseacht don Phoblacht agus do gach a ghabh léi agus ag an am céanna oibríonn siad córas Shasana anseo, córas na críchdheighilte a chríochnódh a ré sa Ríocht Aontaithe athuair - ar bhealach amháin nó ar bhealach eile.

Faoi chóras Shasana (bíodh bratach uaine againn nó ná bíodh) agus faoi chóras Chomhphobal Eacnamaíoch na hEorpa níl i ndán don Ghaeilge agus don náisiún Gaelach ach bás. Tá sé in am do lucht na Gaeilge é sin a aithint agus oibriú dá réir sin. (Tuigeann cuid díobh é sin; tá sé thar am don chuid eile dúiseacht).

Ní raibh sa Pháipéar Bán cáiliúil ach dallamullóg. Le blianta roimhe dúradh linn nach bhféadfaí aon chéim a thógáil maidir leis an nGaeilge go dtí go bhfoilseofaí toradh an fhiosraithe. Faoin am go dtáinig an Páipéar Bán bhí na mílte eile cainteoirí dúchais ar deoraíocht, na scórtha scoileanna éirithe as teagasc trí Ghaeilge agus an teanga níos gaire don bhás. Ní raibh i moltaí an Pháipéir Bháin ach lag-iarracht agus is beag díobh a cuireadh i ngníomh.

../...

SINN FÉIN 2a SRÁID CHAOIMHÍN Íoch BAILE ÁTHA CLIATH 8

Teileafón 781552